



Moladh an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le Conradh Dírdhámhachtana a Bhronnadh ar Bhus Éireann in 2019

Páipéar Comhairliúcháin

Deireadh Fómhair 2018

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá	3
1.1 Achoimre	3
1.2 Cúlra	3
1.3 Cúlra reachtúil	5
1.4 Méid agus éagsúlacht na seirbhísí i gconradh reatha Bhus Éireann	6
1.5 Cuspóirí	7
2. Plé	8
2.1 Céimeanna Measúnaithe	8
2.2 Achoimre ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais	8
2.3 Athbhreithniú ar Chomórtais Tairisceana a Tharla le Déanaí	9
2.4 Sásamh Custaiméirí	10
2.5 Comhtháthú	11
2.6 Timpeallacht Eacnamaíochta	11
2.7 Atheagrú gréasán bus agus an conradh dírdhámhachtana	11
2.8 Leas Eacnamaíochta Ginearálta	12
2.9 2019 Moladh um bronnadh conartha	13
3. Moladh le haghaidh an Phlé Phoiblí seo	15
3.1 Tátail le haghaidh Plé Poiblí	15
3.2 Sainmholtaí Seirbhísí	16
3.3 Aighneacht a Dhéanamh	17

Aguisín 1: Seirbhísí sa Chonradh i Nollaig 2019

Aguisín 2: Seirbhísí ata faoi chaibidil lena mbaint den Chonradh in 2021

1. Réamhrá

1.1 Achoimre

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an “Údarás”) ag moladh (i) go ndéanfaidh sé conradh dírdhámhachtana eile le Bus Éireann in 2019 agus (ii) go leasódh sé an conradh sin in 2021 chun na seirbhísí sa chonradh sin a laghdú faoi suas le 10% agus (iii) go gcuirfeadh sé na seirbhísí bainte ar fáil trí chonradh ar leith tar éis próiseas tairisceana oscailte.

Leagtar amach sa pháipéar seo, chun críche comhairliúcháin, an réasúnaíocht is bonn le moladh an Údaráis maidir le conradh dírdhámhachtana nua a bhronnadh ar Bhus Éireann chun seirbhísí áirithe bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú lasmuigh de limistéar chathair Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019, agus le moladh an Údaráis chun próiseas tairisceana iomaíoch a eagrú in 2021 le hoibritheoirí a lorg chun cuid de na seirbhísí bus seo a sholáthar. Is éard is conradh dírdhámhachtana ann ná conradh a bhronntar ar oibritheoir gan próiseas tairisceana iomaíoch a bheith ann, mar a cheadaítear faoi reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa.

1.2 Cúlra

Is gné ríthábhachtach d'fhás eacnamaíochta agus d'fholláine shóisialta na tíre é soláthar seirbhís bus minic ar ardchaighdeán, agus an tseirbhís sin a bheith comhtháite mar is cuí le foirmeacha eile iompair phoiblí. Cuireann busanna ar chumas daoine taisteal chuig an obair agus chuig ionaid tráchtála nó miondíola, agus tá tábhacht ar leith ag baint leo dóibh siúd nach bhfuil carr acu. Is feidhm shóisialta thábhachtach atá ag busanna mar go nascann siad pobail lena chéile agus leis na seirbhísí atá uathu. Anuas air sin, ba chóir go spreagfadh seirbhís bus ardchaighdeán níos mó daoine chun taisteal ar an mbus seachas sa charr, rud a laghdódh an tionchar ar an timpeallacht a bhaineann le taisteal i gcarranna.

Is fíor go bhfuil seirbhísí bus áirithe ag teastáil ar chúiseanna sóisialta b'fhéidir, ach nach bhfuil siad inmharthana ar bhonn tráchtála, agus chun dul i ngleic leis seo, tá cead ag an stát, faoi dhlíthe na hÉireann agus na hEorpa, fóirdheontais a sholáthar do chonarthaí a éilíonn ar oibritheoirí, rud ar a dtugtar Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSO) a chur ar fáil.

Na seirbhísí bus a bhaineann le hOibleagáidí Seirbhíse Poiblí lasmuigh de limistéar chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair, is é Bus Éireann atá á gcur ar fáil faoi chonradh dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás tar éis conradh a dhéanamh le cuid mhaith cuideachtaí príobháideacha amhail M&A Coaches Ltd, Whartons Travel Ltd, Bernard Kavanagh & Sons Ltd, agus Bus Éireann, chun seirbhísí PSO a sholáthar ar fud an stáit. Cuirtear seirbhísí PSO ar fáil freisin tríd an gClár Iompair Tuaithe, ar bhonn conarthaí ar tairiscint go príomha.

In 2013, chinn an tÚdarás Náisiúnta Iompair, conradh dírdhámhachtana eile a bhronnadh ar Bhus Éireann ar feadh thréimhse cúig bliana ó Nollaig 2014.

Áiríodh i gconradh dírdhámhachtana 2014 foráil go mbainfí thart ar 10% de na seirbhísí den chonradh agus go gcuirfí amach ar tairiscint iad go hiomaíoch le linn shaolré an chonartha. Bhí dhá chomórtas tairisceana ann i gcomhair seirbhísí a bhí cuimsithe i gconradh dírdhámhachtana 2014. Bhain an chéad chomórtas le hoibriú seirbhísí i gcathair Phort Láirge, agus bronnadh conradh ar Bhus Éireann mar thoradh air, atá le tosú ag deireadh 2018. Bhain an dara comórtas le hoibriú seirbhísí comaitéireachta Bhaile Átha Cliath ar an gconair idir Cill Dara agus Baile Átha Cliath, agus bronnadh conradh ar Go-Ahead Dublin dá bharr, a gcuirfear tús leis go luath in 2019.

Tá conradh dírdhámhachtana 2014 le haghaidh na seirbhísí PSO Bhus Éireann atá fágtha, le dul in éag ar an 30 Samhain 2019.

Ní mór don Údarás anois machnamh a dhéanamh ar conas a sholáthróidh sé seirbhísí paisinéara ar bhusanna poiblí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath tar éis don chonradh reatha dul in éag. Na roghanna a chaithfear a phlé ná an cóir conradh dírdhámhachtana eile a bhronnadh ar Bhus Éireann, nó an cóir seirbhísí poiblí bus uile Bhus Éireann a chur amach ar tairiscint, nó an cóir meascán den dá rud sin a roghnú, is é sin, cuid de na seirbhísí a chur amach ar tairiscint agus conradh dírdhámhachtana laghdaithe a bheith ann le haghaidh na seirbhísí atá fágtha. Is gá plé a dhéanamh freisin ar an tréimhse a bheidh i gceist d'aon chonarthaí dírdhámhachtana nua ná conarthaí a dhéanfar de bharr próiseas tairisceana iomaíoch.

Déantar mionscrúdú ar na roghanna thuas sa tuairisc seo agus cuirtear béim faoi leith ar na príomhcheisteanna i dtaca leis an gcinneadh nach mór a dhéanamh faoi mholadh cuí don mhargadh bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is iad na moltaí seo a leanas atá ann de bharr na tuairisce:

- Moladh go mbronnfaí conradh dírdhámhachtana ar Bhus Éireann le go n-oibreoidís na seirbhísí bus poiblí uile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019, mar aon le.
- Moladh go dtosófaí ag cur sciar 10% den mhargadh seirbhísí bus poiblí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath amach ar tairiscint iomaíoch in 2019/2020, agus go mbeadh an sprioc ann, conradh do na seirbhísí sin a bheith i bhfeidhm ó 2021 ar aghaidh.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás tar éis tabhairt faoi athbhreithniú oibriú na seirbhísí bus poiblí atá i gceist i gconradh dírdhámhachtana 2014, agus tá sé tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna conartha i dtuairisc theicniúil ghaolmhar. Beidh na tuairiscí sin ar fáil le linn na tréimhse comhairliúcháin seo.

1.3 Cúlra reachtúil

In 2007, glacadh le **Rialachán CE 1370/2007 – maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarannród agus de bhóthar**. Tá creat ann mar thoradh ar an Rialachán, ina rialaítear conas a bhronnann Ballstáit cearta eisiacha le haghaidh seirbhísí iompair agus conas a íocann siad cúiteamh as seirbhísí iompair, lena n-áirítear Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSO).

Is é cuspóir an Rialacháin ná trédhearcacht a chinntiú maidir le bronnadh fóirdheontais le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí, agus chuige seo, ceangal a chur ar na seirbhísí iompair PSO uile a bheith faoi réir conarthaí.

Agus í á hullmhú féin do Rialachán CE 1370/2007, chuir Éire reachtaíocht ar aghaidh in dá chéim; bhain an chéad chéim le hachtú an **Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (an tAcht DTA)** agus bhain an dara céim leis an **Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (an tAcht PTR)**.

Mar thoradh ar achtú an dá Acht seo, bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a bhfuil mar cheann dá phríomhfheidhmeanna “... *soláthar seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a áirithiú*” (alt 11(1)(e)(i) d'Acht 2008) agus chuige seo, dul i mbun conarthaí seirbhísí iompair phoiblí (alt 48). Maidir le soláthar seirbhísí bus poiblí, sonraítear san alt thuas nach mór don Údarás é seo a dhéanamh trí chonarthaí dírdhámhachtana ná mar thoradh ar phróiseas tairisceana iomaíoch. I gcás na seirbhísí a bhí á n-oibriú ansin ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, chuir an tAcht ceangal ar an Údarás go raibh air conarthaí dírdhámhachtana a dhéanamh leis an dá chuideachta ar feadh thréimhse 5 bliana (alt 52).

Rinneadh na céad chonarthaí dírdhámhachtana sin idir an tÚdarás agus an dá oibritheoir bus ar an 1 Nollaig 2009 agus síníodh iad. Sa dara sraith conarthaí dírdhámhachtana, a síníodh i Nollaig 2014, baineadh 10% de na seirbhísí le linn shaolré an chonartha le go gcuirfí amach ar tairiscint iad. Comhlíonann na conarthaí na critéir reatha arna leagan síos de réir dhlíthe an AE, agus tá caighdeáin sonraithe iontu maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhísí do chustaiméirí, mar aon le pionós mura bhfuil cuideachtaí ag feidhmiú mar ba cheart dóibh.

Ar dhul in éag don chonradh dírdhámhachtana reatha in 2019, is gá don Údarás an fhoráil in Alt 52(6)(c) a chur san áireamh agus é ag iarraidh cinneadh a dhéanamh cibé acu an féidir ná nach féidir leis conradh dírdhámhachtana a dhéanamh ina dhiaidh sin le Bus Éireann; sonraítear an méid seo a leanas san fhoráil:

(i) *Faoi réir fhomhír (ii), féadfaidh an tÚdarás conarthaí dírdhámhachtana a dhéanamh tar éis na gconarthaí lena mbaineann fo-alt (3).*

(ii) *I gcás ina mbeartaíonn an tÚdarás conarthaí dírdhámhachtana a dhéanamh tar éis na gconarthaí dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(a), ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ach i gcás gur deimhin leis nach féidir a ráthú ar mhaithe leis an leas eacnamaíochta ginearálta go leanfaidh na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann na conarthaí de bheith leordhóthanach ach amháin trí na conarthaí dírdhámhachtana sin a dhéanamh.*

Cuireann Rialachán 1370 ceangal ar an Údarás freisin a chinntiú go gcuirfear fógra san Iris Oifigiúil “... bliain ar a laghad sula seolfar an glao ar thairiscintí nó bliain roimh an gconradh dírdhámhachtana” agus go dtabharfar míniú san fhógra ar an gcineál conartha a bhfuiltear ag súil lena bhronnadh agus ar na seirbhísí agus na réimsí a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe sa chonradh a bhronnfar (Airteagal 7(2)).

Áit a bhfuil ar intinn ag an Údarás dul i mbun conartha dírdhámhachtana, dearbhaítear in alt 52(6) d'Acht 2008 go “...lorgóidh sé agus breithneoidh sé aighneachtaí ó shealbhóir an chonartha dírdhámhachtana atá i gceist agus ó aon pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear úsáideoirí na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí is ábhar don chonradh”.

1.4 Méid agus éagsúlacht na seirbhísí i gconradh reatha Bhus Éireann

Tá seirbhísí ag Bus Éireann ar fud an stáit. Áirítear leis na seirbhísí seo

- seirbhísí iompair phoiblí fóirdheonaithe faoina gconradh dírdhámhachtana leis an Údarás;
- seirbhísí tráchtála, faoina bhranda Expressway, atá ceadúnaithe ag an Údarás, agus
- seirbhísí iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, ar bhunús socrú riaracháin leis an Roinn:

Is éagsúil an réimse seirbhísí a sholáthraíonn sé faoina chonradh leis an Údarás, agus tá saintréithe ar leith ag baint leis na seirbhísí uile.

Tá na seirbhísí tuaithe scaipthe timpeall cheantair thuaithe na tíre; nascann na seirbhísí seo bailte agus sráidbhailte lena chéile. Is ionann nach mór na seirbhísí cathrach a chuirtear ar fáil i gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge agus na seirbhísí a chuireann Bus Átha Cliath ar fáil. Iompraíonn seirbhísí comaitéireachta Bhus Átha Cliath daoine chuig cathracha agus ar ais abhaile ó fhaid mheán-raoin, agus áirítear lena gcuid gnóthaí, comaitéirí a thabhairt isteach chuig Baile Átha Cliath gach lá. Anuas air sin, oibríonn Bus Éireann cuid mhaith seirbhísí baile

– samplaí de seo ná Dún Dealgan, Trá Lí agus Baile Átha Luain. Maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear i gcathair Phort Láirge, ní chuirfear ar fáil iad sa chonradh dírdhámhachtana, ach i gconradh ar leith a rinneadh mar thoradh ar phróiseas soláthair oscailte.

Ar bhunús na n-oibríochtaí éagsúla atá acu, tá iostaí bus móra uile Bhus Éireann á roinnt faoi láthair (úsáideann busanna Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, seirbhísí tráchtála Expressway agus seirbhísí scoile na hiostaí céanna).

1.5 Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Údaráis agus é ag iarraidh dul i mbun aon chonradh seirbhísí poiblí bus:

- i. Seirbhísí bus inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar, agus an luach is fearr ar airgid a chinntiú don Státchiste san am céanna;
- ii. Cinntiú go bhfuil na hoibritheoirí faoi chonradh ag comhlíonadh théarmaí a gconarthaí agus é seo a mhonatóiriú go láidir, agus forfheidhmiú comhlíonta a chur i bhfeidhm freisin;
- iii. Eispéiris na gcustaiméirí ó thaobh iompar poiblí de a fheabhsú;
- iv. Cinntiú nach gcuirfear comhtháthú iompair phoiblí i mbaol; agus
- v. An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, Rialachán CE 1370/2007 agus riachtanais an AE maidir le soláthar, a chomhlíonadh.

2. Plé

2.1 Céimeanna Measúnaithe

Táthar tar éis tabhairt faoi mheasúnú roghanna an Údaráis i dtaca le seirbhísí bus a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí bus in 2019.

Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe a bhí ann:

- Na príomhriachtanais a bhaineann le haon chonradh seirbhísí bus sa todhchaí a shainaithint;
- Mionscrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le comhtháthú leantach iompair phoiblí a chinntiú;
- Roghanna straitéiseacha a iniúchadh chun seirbhísí bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a chur ar chonradh, lena n-áirítear roghanna deighilte;
- Machnamh a dhéanamh ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na hoibritheoirí reatha ná aon oibritheoirí nua ar an margadh;
- Athbhreithniú ar cheisteanna dlíthiúla;
- Athbhreithniú ar fhorbairtí bus níos ginearálta sna réigiúin i dtaca leis an straitéis conartha;
- Athbhreithniú ar leibhéil sásaimh na gcustaiméirí;
- Athbhreithniú ar oibriú an chonartha dírdhámhachtana reatha, agus
- Forbairt moltaí maidir le scóip conarthaí a rinneadh i Nollaig 2019, cibé acu an conarthaí dírdhámhachtana ná conarthaí de bharr próiseas tairisceana a bhí iontu.

2.2 Achoimre ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais

Tá an tÚdarás tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chonartha reatha, a chlúdaíonn an tréimhse ó Nollaig 2014, tráth ar bronnadh é, go dtí deireadh 2017. Le linn na tréimhse sin, thug an tÚdarás modhanna nua leasaithe isteach ar bhonn céimnithe chun feidhmíocht oibritheoirí a mheas i dtaca le hiontaofacht, poncúlacht agus caighdeán seirbhísí do chustaiméirí.

Tá cur síos mionsonraithe ar fheidhmíocht na gconarthaí PSO le linn na tréimhse 2015 go 2017 le fáil i gCuid 3 den tuarascáil “Feidhmíocht Chonradh Dírdhámhachtana Bhus Éireann”.

I gcaitheamh na tréimhse 2015 go dtí 2017, chomhlíon Bus Éireann na hoibleagáidí maidir le feidhmíocht iontaofachta agus poncúlachta i gcoitinne, agus na seirbhísí ina n-iomláine á gcur san áireamh, cé go raibh níos mó dúshlán ag baint leis an mbliain 2017. Níl ag éirí rómhaith ar na mallaibh le busbhealaí faoi leith i réigiún an oirthir ó thaobh na feidhmíochta de, áfach.

Níor chruthaigh sé chomh maith sin ach oiread os coinne táscairí maidir le caighdeán seirbhísí do chustaiméirí, go háirithe táscairí leasaithe agus nuashonraithe bunaithe ar thorthaí suirbhéanna rúnsiopaerí, arna gcoimisiúnú ag an NTA.

Le linn na tréimhse, bhí méadú 6% ar chiliméadair inseirbhíse feithicle a oibríodh, chomh maith le méadú 3% ar líon na bpaisinéirí agus méadú thart ar 3% ar ioncam. Bhí ardú €10.8m nó 9% ar chostas oibrithe na seirbhísí. Bhí méadú €18.5m nó 54% ar an gcúiteamh a d'íoc an NTA ar fhóirdheonú oibriú na seirbhísí idir 2015 agus 2017. Bhí ardú €0.64 nó 18% ar an gcostas in aghaidh gach ciliméadair a oibríodh.

Bliain	Km Feithicle iomlána a Oibríodh [Milliún] ¹	Paisinéirí a Iompraíodh [Milliún]	Ioncam a Bailíodh [€Milliún]	Costas Oibríochtaí [€Milliún]	Costas/km	Cúiteamh Íoctha [€Milliún]
2015	33.8	30.2	€80.1	€118.2	€3.49	€33.7
2016	35.7	32.1	€86.4	€128.1	€3.99	€41.9
2017	35.9 ²	31.1	€82.5	€128.6	€4.13	€52.2

Bhí ar Bhus Éireann dul i ngleic le dúshlán shuntasacha airgeadais le cuid mhaith blianta anuas, go háirithe i dtaca le cailteanais sa tseirbhís tráchtála Expressway. Ón tréimhse sin i leith, tá an chuideachta tar éis roinnt mhaith beart a thabhairt isteach chun airgead a shábháil, agus beidh laghdú suntasach ar chostas oibriúcháin a seirbhísí PSO dá bharr, chomh maith le laghdú ar an gcostas in aghaidh an chiliméadair sa chaoi go mbeidh sé anois níos ísle ná costas 2017. An t-airgead a shábhálfar ar chostais PSO, déanfaidh Bus Éireann agus an NTA é a athinfeistiú i laghduithe ar tháillí, leibhéil mhéadaithe seirbhísí agus feabhsuithe oibriúcháin eile.

2.3 Athbhreithniú ar Chomórtais Tairisceana a Tharla le Déanaí

Tá athbhreithniú mionsonraithe á chur i bhfeidhm ag an Údarás ar thorthaí an chomórtais tairisceana le haghaidh seirbhísí Bhus Éireann a tugadh chun críche le déanaí. Ag an staid seo, tá fadhb amháin ar cúis imní í má táthar ag smaoineamh ar tuilleadh próiseas tairisceana a thionscnamh, is é sin, gan rochtain a bheith ann ar na hiostaí bus reatha i gCóras Iompair Éireann (CIÉ) agus gan aon mholtaí a bheith ann faoi láthair ón NTA maidir le háiseanna iosta a chur ar fáil.

¹ Km feithicle iomlána a oibríodh – bealaí PSO amháin

² Úsáideadh sonraí Uathchórais Aimsithe Feithiclí ó Ráithe 3 2017, i dteannta sonraí deimhnithe ticéadaithe, seachas ar laethanta stailce agus Stoirm Ophelia

Ba dhíol mór spéise iad na comórtais i gcomhair sheirbhísí comaitéireachta Phort Láirge agus Bhaile Átha Cliath, agus fuarthas tairiscintí ó oibritheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Thairg Bus Éireann praghas tairisceana thar a bheith iomaíoch agus ní móide go bhféadfaí a oiread sin luacha a bhaint amach agus praghas amháin á chur san áireamh. Níor tháinig feabhas ar an gcaighdeán soláthair seirbhísí sa bhabhta deireanach conartha dírdhámhachtana i dtaca le hiontaofacht agus poncúlacht, áfach, agus ba chóir leanúint de theannas iomaíochta a chur i bhfeidhm chun na caighdeáin seirbhíse a ardú do chustaiméirí. Is léir ó thuarascálacha a foilsíodh ar na mallaibh go bhfuil feabhas ag teacht ar tháscairí feidhmíochta (KPIanna), ach is gá go gcloifí leis seo sula bhféadfadh an tÚdarás brath go hiomlán orthu.

Is gá costais iomlána na n-áiseanna atá á gcur ar fáil ag Go-Ahead, Bus Éireann agus an NTA chun na seirbhísí ar tairiscint a éascú, chomh maith le costas an chomórtais, a chur in aghaidh an tsábháil airgid a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar oibríochtaí Go-Ahead agus Bus Éireann lena fháil amach an bhféadfaí luach breise a bhaint as tuilleadh seirbhísí bus a chur amach ar tairiscint.

2.4 Sásamh Custaiméirí

Déanann an tÚdarás suirbhé sásaimh custaiméirí leathbhliantúil ina dtomhaistear na leibhéil sásaimh i dtaca leis na hoibritheoirí iompair phoiblí fóirdheonaithe uile agus ina sainiúitear na fadhbanna a mbíonn tionchar acu ar shásamh custaiméirí.

Bhí na freagróirí go láidir den tuairim gurb iad iontaofacht, poncúlacht agus minicíocht na príomh-fhachtóirí i soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán. Bhíodhas den tuairim gur bunriachtanas é íosmhinicíocht seirbhíse a bheith ann, chomh maith le tiomantas don tseirbhís sin trí choinníollacha conartha láidre, agus gur bunriachtanas freisin é solúbthacht na seirbhíse a chinntiú, mar aon lena cumas, déileáil le hathruithe ar éileamh.

I suirbhé custaiméara a rinneadh ar na mallaibh, bhain Bus Éireann ardleibhéal sásaimh amach; bhí 41% an-sásta agus bhí 42% measartha sásta, arb ionann é agus ráta foriomlán sásaimh 83%, atá dhá phointe níos ísle ná rátáil fhómhar 2017. Ó thaobh iontaofachta, minicíochta agus poncúlachta de, baineadh scóir 81%, 86% agus 89% amach, faoi seach, rud a léiríonn go gceaptar go bhfuil caighdeáin sách ard ann i leith na mbeart thuas. Tá an mhéadracht seo ina hiomláine thart ar 10% níos ísle ná ceann Bhus Átha Cliath, áfach, agus mar sin, d'fhéadfaí dearcadh na gcustaiméirí a fheabhsú i dtaca leis na KPIanna thuas. Léirítear sa tuarascáil feidhmíochta go bhféadfadh Bus Éireann feabhsú go mór ó thaobh na bpríomhtháscairí feidhmíochta seo de.

Má bhreathnaítear ar an rátáil fhoriomlán sna seirbhísí uile a sholáthraíonn Bus Éireann, is léir go bhfuil an rátáil sásaimh is ísle ag Luimneach, is é sin, 72%, agus ansin 74% ag cathair na Gaillimhe, 83% ag Cathair Chorcaí, 88% ag Carráiste Aistir agus 91% ag

Comaitéireacht Bhaile Átha Cliath agus cathair Phort Láirge. An KPI a raibh rátáil sásaimh Luimnigh níos ísle mar thoradh air ná an ceann a bhain le hiontaofacht.

Ar bhonn leibhéil sásaimh custaiméirí níos airde a bhaint amach, ba chóir go ndéanfaí plé ar chomórtas tairisceana do Luimneach agus Gaillimh, ach tá rudaí eile le cur san áireamh.

2.5 Comhtháthú

Tá na custaiméirí go mór i bhfách le comhtháthú níos fearr, lena n-áirítear leathnú ar na tionscnaimh fíor-ama agus cárta Leap. Téama mór eile a bhí ann ná comhtháthú modhanna mar thoradh ar phleanáil gréasán agus naisc clár ama níos fearr.

Is léir ó eispéireas an phróisis tairisceana a bhí ann le déanaí gur gá iarracht agus costas suntasach chun comhtháthú seirbhísí a chinntiú i dtimpeallacht ina bhfuil an-chuid oibritheoirí ag feidhmiú.

2.6 Timpeallacht Eacnamaíochta

Chuir an tÚdarás tús le measúnú an Chonartha Dírdhámhachtana i mbliana. Tá Bus Éireann díreach tar éis athstruchtúrú suntasach a gcuid gnó a dhéanamh, tar éis dóibh a bheith i mbaol féimheachta. Aithníonn an tÚdarás iarrachtaí Bhus Éireann i dtaca leis seo, agus nach mbeadh sé cuí seirbhísí uile Bhus Éireann a chur amach ar tairiscint.

2.7 Atheagrú gréasán bus agus an conradh dírdhámhachtana

Go luath i saolré an chonartha dírdhámhachtana, agus a luaithe atá na pleananna iomlána deimhnithe maidir le hatheagrú na ngréasán bus, beidh ar an Údarás obair i gcomhar le Bus Éireann chun busbhealaí agus leibhéil seirbhíse i gCorcaigh agus i nGaillimh a leasú nó a athbhreithniú ionas go mbeidh siad ag teacht leis na cinn atá sna pleananna atheagraithe gréasán a bhaineann leis na cathracha sin. Chun seo a chur i gcrích, beidh ar an Údarás dul i mbun plé le Bus Éireann chun sraith athruithe ar sheirbhísí conartha a chomhaontú.

Agus na hathruithe conartha seo á bplé ag an Údarás, beidh air aird ar leith a dhíriú ar thrí ghné go háirithe, mar atá, (1) an costas athraithe a ghearrfaidh Bus Éireann ar an athrú, agus cibé acu an féidir ná nach féidir le Bus Éireann an t-athrú riachtanach a chur i bhfeidhm sa chaoi go mbeidh luach ar airgead i gceist don Údarás, (2) cumas Bhus Éireann riachtanais feidhmíochta na seirbhíse a chomhlíonadh, lena n-áirítear iontaofacht, poncúlacht, rialtacht agus ardchaighdeán seirbhísí do chustaiméirí, agus (3) an t-amscála a bhaineann le cur i bhfeidhm an athraithe, agus (3) cibé acu an mbeifear ná nach mbeifear in ann é a chur ar fáil ar bhealach a thagann le cur i ngníomh foriomlán cláir feidhmithe an ghréasáin BusConnects.

Más rud é go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil an iomarca costas ag baint leis na hathruithe ar bhealaí ná leibhéil seirbhíse, nó go bhfuil deacrachtaí ag baint leis na hamscálaí feidhmithe atá á moladh ag Bus Éireann, nó má mheasann an tÚdarás go bhfuil amhras ann go mbeidh de chumas ná de thiomantas ag Bus Éireann, na caighdeáin

feidhmíochta riachtanacha a chomhlíonadh, coimeádann an tÚdarás an ceart aige féin na seirbhísí ábhartha a chur amach ar tairiscint iomaíoch ionas go mbeifear in ann an t-atheagrú gréasán a sholáthar go tráthúil agus ar bhonn cost-éifeachtúil.

An scála a bhaineann leis na hathruithe ar sheirbhísí bus a bhfuiltear ag súil leo san atheagrú gréasán bus i gcathracha réigiúnacha, lena n-áirítear tabhairt isteach busbhealaí iomlán nua in áiteanna áirithe, ciallaíonn sé go bhfuil seans ann go gcuirfear busbhealaí áirithe amach ar tairiscint go hiomaíoch chun cur leis na seirbhísí sin a bheidh fós ina gcuid de chonradh dírdhámhachtana do Bhus Éireann. Ní cheaptar go mbeidh laghdú ann dá bharr seo ar scála foriomlán an ghréasáin bus a bheidh á oibriú ag Bus Éireann i gcathracha réigiúnacha.

2.8 Leas Eacnamaíochta Ginearálta

Éilíonn Alt 52(6)(c)(ii) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 nach foláir don Údarás a bheith sásta “nach féidir a ráthú” go mbeidh leordhóthanacht leanúnach ag baint le seirbhísí paisinéara ar bhusanna poiblí ar mhaithe leis an leas eacnamaíochta i gcoitinne ach amháin trí dhul i mbun conradh dírdhámhachtana ina dhiaidh sin.

Na príomhbhuntaistí a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí a chur amach ar tairiscint, eascraíonn siad ó iarmhairtí brú iomaíoch agus disciplín an mhargaidh. Nuair a chuirtear seirbhís amach ar tairiscint, baintear leas as fórsaí an mhargaidh sa chaoi go nochtar an t-oibritheoir is éifeachtúla ó thaobh na heacnamaíochta de, agus bíonn costais níos ísle i gceist dá bharr. Is féidir freisin go mbeadh leibhéal níos fearr caighdeán seirbhísí do chustaiméirí ina ghné de chritéir bhronnadh an chonartha. Anuas air sin, is féidir feidhmíocht a thagarmharcáil má bhíonn go leor oibritheoirí i margadh.

Is léir ó eispéiris réimse tíortha go bhfuil buntáistí ag baint le seirbhísí bus poiblí a chur amach ar tairiscint iomaíoch. Is dearfach na torthaí a bhí ann de bharr aistriú tosaigh i dtreo tairiscint iomaíoch, cé nach mór a lua mar nóta rabhaidh go bhféadfadh costais aonad mhéadaithe ón gcéad tairiscint a bheith ann mar thoradh ar an dara bronnadh conartha nó mar thoradh ar chinn ina dhiaidh sin, in ainneoin na mbuntáistí a bhaineann leo fós ó thaobh costas de. Cé gur forbairtí a bheadh soiléir sa chás gan aon tairiscintí is cúis le cuid de na méaduithe feiceálacha (mar shampla, méadú ar phraghsanna breosla agus ar rudaí eile), tá cuid eile de na méaduithe ar a laghad ann mar thoradh ar mhaolú na ngnóthachan a bhí ann i dtús báire de bharr forbairtí margaidh amhail tuilleadh sainriachtanas a bheith ag teastáil ó na húdaráis agus níos mó taithí a bheith gnóthaithe ag na tairgeoirí. Ach d'ainneoin an méid thuas, is léir ón litríocht gur féidir luach níos fearr ar airgead a bhaint amach má théitear i muintín tairiscintí iomaíocha.

Buntáiste eile a luaitear i gcomhthéacs aistriú chuig tairiscintí iomaíocha ná an fhéidearthacht i dtaca le leibhéil feabhsaithe seirbhísí do chustaiméirí a ghnóthú. Tá fianaise ann go dtagann feabhas ar sheirbhísí mar thoradh ar thairiscintí iomaíocha.

Tá an tÚdarás den tuairim gurb ar mhaithe an leasa eacnamaíochta a bheadh sé, Bus Éireann a dhreasú chun feidhmíocht an chonartha dírdhámhachtana reatha a fheabhsú trí suas le 10% de na seirbhísí atá acu faoi láthair a chur amach ar tairiscint.

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí fóirdheonaithe ar fud limistéar leathan geografach. In 2017, freastalaíodh ar aistir 31 milliún paisinéir. Is léir gur margadh tábhachtach é seo, agus tá tús áite á thabhairt ag an Údarás ina chuid caibidlí do thábhacht straitéiseach fheidhmiú an mhargaidh sin i dtaca le feidhmíocht réigiúnach agus eacnamaíoch na tíre. Is suntasach na costais agus na rioscaí a d'eascródh as comórtas nach ndearnadh machnamh imleor air roimh ré. Ar an ábhar sin, is gá a bheith cúramach maidir le haon dul chun cinn a dhéantar, fiú má tá feidhmíocht a leithéid sin d'athruithe cruthaithe cheana i ndlínsí eile.

Ní rud stuama a bheadh ann an margadh sin ina iomláine a chur amach ar tairiscint in aon chonradh amháin, agus ní bheadh seo ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta i dtaca le comórtais mhargaidh. Anuas air sin, tá athstruchtúrú an-chuid seirbhísí fós idir lámha agus tá an t-idirphlé leis na seirbhísí iompair tuaithe á chur ar bun faoi láthair; is mór an chabhair chuige seo an té eolach atá i gceannas faoi láthair. Measann an tÚdarás gur chun leasa an phobail é cloí le scála oibríochta do Bhus Éireann a bheidh éifeachtúil ar bhonn leanúnach i bhfianaise acmhainní agus fhorchostais na cuideachta.

Dá bharr sin, tá an tÚdarás tar éis a chinneadh nach mbeidh aon riosca, más ann dó in aon chor, d'oibríochtaí Bhus Éireann ina n-iomláine má chuirtear 10% breise den mhargadh amach ar tairiscint, agus ag an am céanna, go gcuirfidh seo deis ar fáil chun éifeachtúlacht agus seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú.

2.9 2019 Moladh um bronnadh conartha

Tá sé ar intinn ag an Údarás dul i mbun conradh dírdhámhachtana le Bus Éireann chun na seirbhísí bus PSO lasmuigh de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a oibriú, atá á n-oibriú faoi láthair ag Bus Éireann faoi chonradh dírdhámhachtana leis an Údarás, seachas na seirbhísí bus i gcathair Phort Láirge agus ceantar comaitéireachta Bhaile Átha Cliath, a cuireadh amach ar tairiscint le déanaí agus a bronnadh ar Go-Ahead Ireland.

Tá sé molta go ndéanfaí conradh dírdhámhachtana le Bus Éireann i gcomhair thréimhse eile cúig bliana ón 1 Nollaig 2019 go dtí deireadh Shamhain 2024, seachas na bealaí seo a leanas, a fhreastalaíonn ar cheantar comaitéireachta Bhaile Átha Cliath:

- Bealaí 101, 101X, 132 agus 133 (a nascann bailte ar an gcósta thoir le Baile Átha Cliath)
 - 101: Baile Átha Cliath - Aerfort Bhaile Átha Cliath - Baile Brigín – Droichead Átha
 - 101X: Baile Átha Cliath – Droichead Átha – Termon Abbey
 - 132: Baile Átha Cliath - Bealach Conglais - An Tulach - Balana - Cill Damháin – Bun Clóidí

- 133: Aerfort Bhaile Átha Cliath - An Lár - Áth na Fuinseoige – Cill Mhantáin - Guaire
- Bealaí 103, 103X, 105 agus 105X (a nascann Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn agus Baile Átha Cliath)
 - 103: Baile Átha Cliath - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Páirc Tayto
 - 103X: Baile Átha Cliath - Cúil Chaoith - Ráth Tó - Tigh na Sióg
 - 105: Droichead Átha - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Baile Bhlainséir
 - 105X: Baile Átha Cliath - Tigh na Sióg - Ráth Tó - Cill Dhéagláin

Áireofar na bealaí thuas i gconradh dírdhámhachtana i Nollaig 2019, ach an coinníoll a bheith ann go mbainfeadh an tÚdarás iad den chonradh dírdhámhachtana agus go gcuirfeadh sé amach ar tairiscint iad go hiomaíoch chomh luath agus ab fhéidir tar éis Nollaig 2019.

Agus an moladh seo á dhéanamh aige, tá an tÚdarás tar éis an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (1) An gá le dóthain ama chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gconarthaí atá le bronnadh ar Go-Ahead Ireland agus Bus Éireann mar thoradh ar thairiscint iomaíoch, conarthaí a gcuirfeadh tús lena seirbhísí go luath in 2019, agus chun feidhmíocht na gconarthaí sin a chur i gcomparáid le conradh dírdhámhachtana Bhus Éireann.
- (2) Tá atheagrú ollmhór an ghréasáin bus i gCorcaigh agus i nGaillimh á mholadh ag an Údarás lena chur i ngníomh in 2020 agus ina dhiaidh sin. Toisc gur gá dul i gcomhairle le húsáideoirí bus maidir leis na gréasáin nua, níltear ag súil go mbeadh na hathruithe tugtha chun críche ná sonraithe go mion roimh an dáta ar a mbronnfaidh an tÚdarás conradh 2019. Ar an ábhar seo, is dóchúil go mbronnfaidh an tÚdarás conradh i gcomhair oibriú na mbealaí ar chaoi a bheidh ag teacht i gcoitinne le gréasán reatha Bhus Éireann. Tar éis bhronnadh an chonartha, agus chomh luath is atá na gréasáin bus leasaithe tugtha chun críche, beidh ar an Údarás dul i mbun idirbheartaíochta chun na gréasáin bus leasaithe a chur san áireamh.
- (3) An gá le feidhmíocht oibriúcháin feabhsaithe ar bhealaí ar leith, maidir le poncúlacht, ciliméadair a cailleadh, aiseolas ó chustaiméirí nó an céatadán sonraí Uathchórais Aimsithe Feithiclí (AVL) a cuireadh ar fáil. Tá an fheidhmíocht faoi bhun an chaighdeáin i gceantar comaitéireachta Bhaile Átha Cliath go háirithe, cé go bhfuil fadhbanna tar éis teacht aníos freisin le míonna anuas i gcathracha réigiúnacha áirithe agus i gcathair Chorcaí go háirithe.

I gcás (2) thuas, tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil riosca airgeadais ag baint leis seo in aon idirbheartaíocht, tar éis do chonradh a bheith bronnta, le hoibritheoir maidir le costas athruithe seirbhíse den scála atá molta sna pleananna um atheagrú an ghréasáin bus. D'fhéadfadh na rioscaí seo a bheith níos mó i gcás oibritheoir bus atá tar éis freagairt ar thairiscint le haghaidh oibriú gréasáin, ach go ndéantar an gréasán sin a athshonrú go mór díreach tar éis don chonradh a bheith bronnta.

I gcás (3) thuas, i dteannta na mbusbhealú arna liostú thuas, d'fhéadfadh an tÚdarás bealaí áirithe eile nach bhfuil ag cruthú go maith, a bhaint den chonradh i gcomhair tairiscint iomaíoch tar éis don chonradh dírdhámhachtana a bheith bronnata i Nollaig 2019, mura bhfuil feabhsú suntasach ar fheidhmíocht oibriúcháin.

3. Moladh le haghaidh an Phlé Phoiblí seo

3.1 Tátail le haghaidh Plé Poiblí

Tá tairseach ard tástála cruthaithe ag na forálacha san Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, arna leasú ag an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, maidir le gan an margadh bus a oscailt ar iomaíocht. Dar leis an Údarás, ba ar mhaithe leis an leas eacnamaíochta i gcoitinne é don 5 bhliain romhainn amach dá gcoinneodh Bus Éireann sciar suntasach seirbhísí ach ní na seirbhísí uile. Tá luach ag baint le hiomaíocht a thabhairt isteach sa mhargadh seirbhísí bus lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, ach Conradh Dírdhámhachtana níos lú a choinneáil san am céanna. Tá taighde déanta ag an Údarás ar eispéiris idirnáisiúnta, a léiríonn gur dóchúil go mbeadh sábháil costas ag baint le seirbhísí bus a chur amach ar tairiscint.

Dar leis an Údarás, dá gcuirfí thart ar 10% de na seirbhísí amach ar tairiscint, is scála é sin a spreagfadh iomaíocht láidir ag céim na tairisceana agus a sholáthródh oibríocht de mhéid sásúil chun críche tagarmharcáil leanúnach le Bus Éireann. D'fhágfadh sin freisin go bhfanfadh 90% de na seirbhísí reatha faoi chúram Bhus Éireann, agus is laghdú méide é seo a d'fhéadfadh an chuideachta a phleanáil agus a bhaint amach. Anuas air sin, d'fhéadfadh Bus Éireann a bheith páirteach sa chomórtas tairisceana dá mba mhian leo, agus d'éirigh leo sa chomórtas a bhí ann do Phort Láirge le déanaí.

Na riachtanais atá sonraithe maidir le fógra tairisceana i Rialachán CE 1370/2007 ná nach foláir go n-imeodh bliain thart ón uair a rinneadh an cinneadh, sular féidir tús a chur leis an bpróiseas tairisceana. Má ghlactar leis go ndéanfaidh an tÚdarás a chinneadh deiridh i Samhain 2018, ciallaíonn sin gurb é Samhain 2019 an dáta is túisce a mbeifí in ann próiseas tairisceana iomaíoch a thosú. Mar sin, is é 2021 an spriocdháta réadúil ar a dtabharfar bronnadh na gconarthaí chun críche agus ar a gcuirfidh an t-oibritheoir/na hoibritheoirí tús lena s(h)eirbhísí.

3.2 Sainmholtaí Seirbhísí

Tá ceangal ar an Údarás beart comhairliúcháin reachtúil a chur i ngníomh tráth a bhfuil cinneadh déanta aige ar chineál agus ar mhéid molta an chéad chonartha dírdhámhachtana eile atá molta.

Leagtar amach sa pháipéar seo, chun críche comhairliúcháin, an cúlra le moladh an Údaráis maidir leis an gconradh dírdhámhachtana atá le tabhairt do Bhus Éireann chun seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019, chomh maith leis an réasúnaíocht a bhaineann leis an moladh seo. Agus machnamh á dhéanamh acu ar na moltaí thíos, is féidir leis an bpobal páipéir eile ghaolmhara a léamh, a chuirfidh an tÚdarás ar fáil go poiblí le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Ar an 1 Nollaig 2019, bronnfar conradh nua ar Bhus Éireann le haghaidh oibriú na seirbhísí uile lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, mar atá leagtha amach in Aguisín 1.

Mairfidh an Conradh Dírdhámhachtana ar feadh thréimhse cúig bliana go dtí an 30 Samhain 2024, ach go bhfágfar ar lár suas le 10% de na seirbhísí.

Ní choimeádfar an leibhéal seirbhísí i gConradh Dírdhámhachtana Bhus Éireann ach amháin ar feadh dhá bhliain ar a mhéad, go dtí 2021 ar a dhéanaí. Cuirfidh an tÚdarás na seirbhísí sin amach ar tairiscint, agus beidh mar aidhm aige seo go gcuirfidh an forthairgeoir a n-éireoidh leis, tús leis na hoibríochtaí in 2021.

Na seirbhísí a chuirfear amach ar tairiscint, tógfar iad as meascán de na bealaí seo a leanas:

- **Bealaí 101, 101X, 132 agus 133 (a nascann bailte ar an gcósta thoir le Baile Átha Cliath)**
 - **101: Baile Átha Cliath - Aerfort Bhaile Átha Cliath - Baile Brigín – Droichead Átha**
 - **101X: Baile Átha Cliath – Droichead Átha – Termon Abbey**
 - **132: Baile Átha Cliath - Bealach Conglais - An Tulach - Balana - Cill Damháin – Bun Clóidí**
 - **133: Aerfort Bhaile Átha Cliath - An Lár - Áth na Fuinseoige – Cill Mhantáin - Guaire**

- **Bealaí 103, 103X, 105 agus 105X (a nascann Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn agus Baile Átha Cliath)**
 - **103: Baile Átha Cliath - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Páirc Tayto**
 - **103X: Baile Átha Cliath - Cúil Chaoith - Ráth Tó - Tigh na Sióg**
 - **105: Droichead Átha - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Baile Bhlainséir**
 - **105X: Baile Átha Cliath - Tigh na Sióg - Ráth Tó - Cill Dhéagláin**

3.3 Aighneacht a Dhéanamh

Fáiltíonn an tÚdarás roimh aighneachtaí ná tuairimí i scríbhinn maidir leis na moltaí thuas do Chonradh Dírdhámhachtana Bhus Éireann.

Is féidir aighneachtaí ná tuairimí i scríbhinn a sheoladh isteach i ríomhphost chuig 2019buscontracts@nationaltransport.ie nó tríd an bpost chuig:

Conarthaí Bus,

An tÚdarás Náisiúnta Iompair,

Dún Scéine,

Cúirt Uíbh Eachach,

Lána Fhearchair,

Baile Átha Cliath D02 WT20.

Ní mór ainm agus seoladh iomlán údar na haighneachta a chur leis an iarratas agus, ait arb iomchuí, ainm an chomhlachta nó na heagraíochta a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó.

Cuirfear san áireamh na haighneachtaí agus na tuairimí uile a bheidh faighte faoin dáta sonraithe.

Is é Máirt 30 Deireadh Fómhair 2018 ag 5.00 pm an dáta deiridh i gcomhair aighneachtaí.

Aguisín 1: Seirbhísí sa Chonradh i Nollaig 2019

Scóip an chonartha le Bus Éireann

- A. De réir an chonartha dírdhámhachtana, bronnfar cearta eisiacha ar an oibritheoir, na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a sholáthraíonn sé anois, a oibriú de réir fhorálacha alt 7 d'Acht Iompair 1958 agus alt 8 d'Acht Iompair (atheagrú Córais Iompair Éireann) 1986.
- B. Na seirbhísí a oibreofar faoin gconradh, áireofar leo na cinn atá cuimsithe sa chonradh reatha, arna liostú i dTábla A1 thíos, ach go gcuirfí san áireamh go bhféadfadh an tÚdarás athruithe a dhéanamh ar eilimintí den chonradh dírdhámhachtana reatha ná nua, athruithe a bhaineann le soláthar na seirbhísí atá ina gcuid den chonradh, faoi réir gan aon leasú a bheith déanta ar scóip an chirt eisiach a ndéantar tagairt dó in (i) thuas.
- C. Moltar go mbeidh an conradh i bhfeidhm ar feadh thréimhse 2 bhliain ná 5 bhliain, ag brath ar an tseirbhís.
- D. I gcás na seirbhísí atá leagtha amach i dTábla A2 Aguisín 2, beidh tréimhse dhá bhliain ar a mhéad in aghaidh na seirbhíse ag baint leo sa chonradh; cuirfear amach ar tairiscint iomaíoch iad agus an forthairgeoir a n-éireoidh leis, cuirfidh sé tús le hoibriú na seirbhísí in 2021.

Tábla A1:

Seirbhísí bus arna soláthar faoi láthair ag ³Bus Éireann de réir chonradh 2014 - 2019 leis an Údarás Náisiúnta Iompair

Seirbhísí cathracha réigiúnacha

Áit	Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
Cathair Chorcaí	201	Baile na mBocht - An Linn Dubh - Cnoc na hAoine - Baile an Easpaig
	202	Cnoc na hAoine - An Lár - Machain
	203	Baile Féitheán - An Lár - Fearann an Rí
	204	Sráid Phádraig - Siúlán na mBráthar
	205	ITC - Sráid Phádraig - Stáisiún an Cheanntaigh
	206	An Ghráinseach - Bóthar Dhúglais Theas - An Meal Theas
	207	Domhnach Broc - An Lár - Baile Uí Mhaoláin - Páirc Arda an Ghleanna
	207A	Bóthar an Tobair - An Lár - Montenotte
	208	Baile na mBocht - An Lár - Baile an Easpaig
	208A	Luaiteach Mór - Sráid Phádraig
	209	Poll an Duibh - Sráid Phádraig - Plás Audley
	212	Cé na gCeannaithe - Gleann na Sceach
	214	Sráid Phádraig - Ospidéal Ollscoil Chorcaí
	215	Cloch Roe - An Bhlarna - An Lár - Rinn Mhachan
	216	Ospidéal Ollscoil Chorcaí - An Lár - Mounthovel
	219	Machain - Dúglas - Baile Féitheán - Baile an Easpaig
	221	Corcaigh - Baile Roisín - Cnoc Rátha
	222	Corcaigh - Carraig Uí Leighin - Bun an Tábhairne - Baile Mhontáin
	223	Corcaigh - Baile an Mhanaigh - Rinn an Scidígh - Haulbowline
	226/226A	Stáisiún an Cheanntaigh - An Lár - Aerfort Chorcaí - Cionn tSáile
Cathair Luimnigh	301	An tOspidéal Réigiúnach - An Lár - Westbury
	302	Cathair Dháibhín - Br. An Chreatalaigh (ITL, Páirc Thuamhan) - An Lár
	303	Radharc na Giúise - An Lár - Páirc Dhonnchaidh Uí Mháille
	304	OL - An Lár - An Ráithín - Baile Choimín
	305	Páirc Mhuire - An Lár - Páirc Lynwood
	306	Sráid Edward - An Lár - Baile Uí Neachtain

³ Amhail ag deireadh Lúnasa 2013

Cathair na Gaillimhe	401	Bóthar na Trá - An Fhaiche Mhór
	402	Páirc Mhuirlinne - An Fhaiche Mhór- Bóthar na hOllscoile (OÉG) - Círin na Mara
	403	An Fhaiche Mhór - Páirc an Chaisleáin - Bóthar na Páirce Móire
	404	An Fhaiche Mhór - Bóthar na hOllscoile (OÉG) - An Caisleán Nua
	405	An Baile Bán - An Fhaiche Mhór - Bóthar na hOllscoile (OÉG) - Rathún
	407	An Fhaiche Mhór- Bóthar an Chóiste
	409	An Pháirc Mhór - Bóthar Bhaile Átha Cliath (ITGM) - An Fhaiche Mhór
	410	An Fhaiche Mhór - Bóthar Bhaile Átha Cliath (ITGM) - Órán Mór

Seirbhísí Bailte Réigiúnacha

Áit	Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
Baile Brigín	104	Stáisiún Traenach Bhaile Brigín - Sráid Dhroichead Átha - Ionad Siopadóireachta Millfield
An Uaimh	110	Ionad Siopadóireachta - Eaglais Naomh Oilibhéir/Ospidéal/Droichead Chill an Chairn
Droichead Átha	173	SEIRBHÍS THUAISCEART AN BHAILE: Sráid na gCapall - Baile an tSrutháin - Bóthar Bhrugha SEIRBHÍS DHEISCEART AN BHAILE: Sráid na gCapall - Páirc Ráth Maoláin - Bóthar Ráth Maoláin
Dún Dealgan	174	Busáras/Long Walk - Eastát Bay/Fatima
Baile Átha Luain	459/ 459A	Fearann na Manach/Busáras - IT Bhaile Átha Luain - Carraig an Chaisleáin
Sligeach	478 478A	Busáras - IT Shligigh - Páirc Mhiondíola na Ceathrún Rua Iosta Bus - Crosaire Dhoire Darach - An Cheathrú Mhór

Seirbhísí chrios comaitéireachta Bhaile Átha Cliath

Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
65	Gaillimh - Ros Comáin - Béal Átha Luain - An Longfort (Stáisiún Traenach) - An Cabhán - Muineachán - Ard Mhacha - An Lorgain - Béal Feirste
70	Gaillimh - Baile Átha Luain - An Muileann gCearr - An Uaimh - Droichead Átha (Busáras) - Dún Dealgan
100	Droichead Átha - Dún Léire Baile an Ghearlánaigh - Dún Dealgan - An tIúr
101	Baile Átha Cliath - Aerfort - Baile Brigín - Droichead Átha - Termon Abbey
101X	Ardán Wilton - Baile Brigín - Droichead Átha - Termon Abbey
103	Baile Átha Cliath - Cill Dhéagláin - Kilmoon - Damhliag/Ráth Tó
105	Baile Átha Cliath - Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir - Cill Dhéagláin - Ráth Tó
107	Baile Átha Cliath - Cill Dhéagláin - An Uaimh - An Obair - Dún an Rí - Ceanannas
108	Baile Átha Cliath - Ceanannas - Coill an Chollaigh
109	Baile Átha Cliath - Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir - Dún Búinne - Dún Seachlainn - An Uaimh - Ceanannas - An Cabhán
109A	DCU - Aerfort - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Dún Seachlainn - An Uaimh - Ceanannas
111	Ardán Wilton - Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir - Baile Átha Troim - Baile Átha Buí - An Cabhán
115/115A	Baile Átha Cliath - Leamhcán - Maigh Nuad - An Bóthar Buí - Cionn Átha Gad - An Muileann gCearr - An Longfort
132	Baile Átha Cliath - Tamhlacht (Ospidéal) - Baile Coimín - An Tulaigh - Carn an Bhua - Inis Córthaidh - Loch Garman - Calafort Eorpach Ros Láir
133	Aerfort Bhaile Átha Cliath - Baile Átha Cliath - Bré - Cill Mocheanóg - Baile an Chinnéidigh - Áth na Fuinseoige - Cill Mhantáin
134	An Uaimh - Dún Samhnaí - Dorey's Forge
135	Baile an Scorlógaigh - An Uaimh
136	Ross Cross - An Uaimh
161	Dún Dealgan - An Grianfort - Cairlinn - Ó Méith - An tIúr
162	An Cabhán (Busáras) - Cluain Eois - Muineachán - Dún Dealgan
163	Baile Átha Cliath - Droichead Átha - Dún Uabhair
166	Dún Dealgan - Carraig Mhachaire Rois - An Cabhán
167	Dún Dealgan - Lú - Bhaile Átha Fhirdhia
168	Dún Dealgan - Baile an Ghearlánaigh - Áth na gCasán
175	Muineachán - Muinchille - Buíochar - An Cabhán
177	Baile Átha Cliath - Aerfort - Droichead Átha - Baile Átha Fhirdhia - Carraig Mhachaire Rois - Muineachán
182	Droichead Átha - Collann - Baile Átha Fhirdhia
187	Ceanannas - Achadh an Iúir - Baile Shéamais Dhuibh - An Seanchaisleán
188	Droichead Átha - Baile Shláine - An Uaimh - Baile Átha Troim
189	Droichead Átha - Baile Trá - Tearmann Feichín - Ceann Chlochair - Gráinseach an Dísirt
190	Droichead Átha - Baile an Bhiataigh - An Inse

Seirbhísí carráiste aistir

Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
66	Cathair na Mart - Caisleán an Bharraigh - Béal an Átha - Sligeach - Inis Ceithleann
72	Luimneach - An tAonach - Buiríos Uí Chéin - Biorra - Baile Átha Luain
73	Port Láirge - Cill Chainnigh (Stáisiún Traenach) - Ceatharlach (Busáras) - Port Laoise - Baile Átha Luain - An Longfort
232	Corcaigh - Baile an Chollaigh
233	Corcaigh - Baile an Chollaigh - Maigh Chromtha
235	Corcaigh - An Bhlarna - Stuake - Réileán
236	Corcaigh - Droichead na Bandan - Beanntraí - An Gleann Garbh - Baile Chaisleáin Bhéarra
237	Corcaigh - Aerfort Chorcaí - Droichead na Bandan - Cloich na Coillte - An Sciobairín - An Scoil - An Góilín
239	Corcaigh - Droichead na Bandan - Cúirt Mhic Shéafraidh - Baile an Bhuiltéarigh
240	Corcaigh - Cluain - Baile Choitín
241	Corcaigh - Mainistir na Corann - An Geata Bán - Trá Bholgan
243	Corcaigh - Mala - Cill na Mallach - Áth Trasna
245	Corcaigh - Mainistir Fhear Maí - Baile Mhistéala
246	Corcaigh - Gleann Maghair - Sruth na Saileach - Cúirt an tSáirséalaigh
248	Corcaigh - Beairic Bhóthar Mhala - Carraig na bhFear - Gleann an Phréacháin
252	Corcaigh - Aerfort Chorcaí - Cionn tSáile - Droichead na Bandan - Cloich na Coillte - Sciobairín - An Gleann Garbh - Neidín
257	Maigh Chromtha - Sráid an Mhuilinn - Cill Airne
258	Maigh Chromtha - Réileán Íochtarach
259	Maigh Chromtha - Ré na nDoirí
260	Corcaigh - Eochaill - An tArd Mór
261	Corcaigh - Carraig Thuathail - Mainistir na Corann - Baile na Cora
270	An tSnaidhm - Neidín - Cill Airne
271	Trá Lí - Aerfort Chiarraí - Cill Airne
272	Trá Lí - Lios Tuathail - Baile an Bhuinneánaigh - Maigh Mheáin - Tairbeart
273	Trá Lí - Caisleán Ghriaire - An Clochán
274	Trá Lí - Baile Uí Thaidhg - An Baile Dubh
275	Trá Lí - Daingean Uí Chúis
276	Daingean Uí Chúis - Baile an Fheirtéaraigh - Dún Chaoin
277	Daingean Uí Chúis - Baile na nGall
278	Trá Lí - Cill Fhionnúrach - An Fhianait
279	Cill Airne - Cill Orglan - Trá Lí
280	Fáinne Chiarraí: Trá Lí - Cill Airne - Cill Orglan - Cathair Saidhbhín - An Coireán - an tSnaidhm - Neidín
281	Cill Airne - Inse - Daingean Uí Chúis
282	Baile Chaisleáin Bhéarra - Neidín - Cill Airne
284	Trá Lí - An Fearann Fuar - Cill Airne
285	Trá Lí - Aerfort Chiarraí - An Fearann Fuar - Na Foidhrí - Cill Airne (Busáras)
313	Luimneach - Ard na Croise
314	Luimneach - Faing - Tairbeart - Baile an Bhuinneánaigh
320	Luimneach - Cromadh - An Ráth
321	Luimneach - Ráth Caola - An Caisleán Nua
322	Lothra - Tír Dhá Ghlas - An Chúil Bhán - An tAonach
323	Luimneach - Cill Dalua - An Port Nua - An tAonach - Buiríos Uí Chéin - Biorra

Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
324	Cill Bharráin - Buiríos Uí Chéin - An tAonach
328	Luimneach - Ospidéal - An Gallbhaile/Baile an Mhistéalaigh
329	Luimneach - Méanas - An Brú - Cill Fhionáin
332	Luimneach - An Port Nua - Crois na Rae - An Cheapach Mhór - An Cheapach - Dún Droma/Crois na Rae
333	Luimneach - Inis (Busáras) - Sráid na Cathrach - An Dún Beag
334	Crosses of Annagh - Cill Mháille - Inis
336	Luimneach - Inis - Cill Rois - Cill Chaoi
337	Luimneach - Inis - Lios Dúin Bhearna - Dúlainn
341	Sionainn - Luimneach - An Port Nua - An Cheapach Mhór - Bilboa Cross
343	Luimneach - Aerfort na Sionainne
344	Inis - Cora Chaitlín - Sionainn - Aerfort na Sionainne
345	An Scairbh - Cill Dalua - Luimneach
346	Luimneach - Tulaigh - An Scairbh - An Geata Bán
347	Luimneach - Úlla - Gabhal Luimnigh - Tiobraid Árann
348	An Scairbh - Leacain an Éadain - An Fhiacail - Tulaigh - Inis
349	An Scairbh - An Fhiacail - An Gort
360/360A	Port Láirge - ITPL - Trá Mhór
362	Port Láirge - Dún Garbhán
365	Port Láirge - Baile Mhic Andáin
366	Port Láirge - Dún Garbhán - Ceapach Choinn - Lios Mór
367	Port Láirge - Carraig na Siúire - Cluain Meala
370	Port Láirge - ITPL - Ros Mhic Thriúin - Dún Canann - Loch Garman - Calafort Ros Láir
371	Ros Mhic Thriúin - Muileann Fúca - Baile Adaim - Loch Garman
372	Ros Mhic Thriúin - Muileann Fúca - Droichead Wellington - Loch Garman
373	Ros Mhic Thriúin - Fiodh Ard - Droichead Wellington - Loch Garman
374	Ros Mhic Thriúin - Inis Tíog - Cill Chainnigh
375	Ros Mhic Thriúin - Cill Téile - Inis Córthaidh
377	Loch Garman - Inis Córthaidh
378	Loch Garman - Baile an Teampaill
379	Loch Garman - Currach Cló - Cill Mhucraise - Guaire
380	Loch Garman - Caladh na Carraige - Na Crosa Beaga
381	Loch Garman - An Halla Dubh
382	Loch Garman - Maigh Arnaí - Loch Garman
383	Loch Garman - Cé na Cille Móire
384	Baile Átha Cliath - Arcló - Guaire
385	Loch Garman - Trá Ros Láir - Calafort Ros Láir
416	Gaillimh - An Spidéal - Carna
417	Gaillimh - Cora Finne
419	Gaillimh - Uachtar Ard - Sraith Salach - An Clochán
421	Gaillimh - Uachtar Ard - Sraith Salach - An Clochán - Cathair na Mart
420	Gaillimh - Conga
422	Cathair na Mart - Caisleán an Bharraigh - Clár Chlainne Mhuiris – Tuaim - Gaillimh
423	Gaillimh - GMIT Gaillimh - Cinn Mhara - Lios Dúin Bhearna - Dúlainn - Aillte an Mhothair
424	Gaillimh - An Spidéal - An Cheathrú Rua - Leitir Mealláin
425/425A	Gaillimh - Baile Chláir - An Creagáin - Ros Comáin - An Longfort
429	Gaillimh - Baile Chláir - Tuaim - Béal Átha hAmhnais - An Caisleán Riabhach
432	Gaillimh - Conga

Uimh. an Bhealaigh	Sonraí Bealaigh
434	Gaillimh - Órán Mór - Cinn Mhara - An Gort
439	Béal an Átha - Béal Átha na Muice - Caisleán an Bharraigh - Cathair na Mart
440	Aerfort Iarthar Éireann - Caisleán an Bharraigh - Cathair na Mart – Dumha Acha (Acaill)
442	Baile an tSiarlaigh - Coillte Mach - Caisleán an Bharraigh - Cathair na Mart
443	Béal an Átha - Cuan Néill Mór - Crosaire Farragh
444	Béal an Átha - An Droim Mór Thiar
445	Béal an Átha - Cill Ala - Baile an Chaisil
446	Béal an Átha - Béal an Mhuirthead - An Fód Dubh
447	Fiodh an Átha - Baile na gCros - An Muileann gCearr
450	Cathair na Mart - Cluain Cearbáin - Chill Dhuibh Dhúin
451	Béal an Átha - Baile an tSiarlaigh - An Longfort
454	Béal an Átha - Crois Mhaoilíona - Leathardán - Caisleán an Bharraigh - Cathair na Mart
455	Béal an Átha - Maigh Ghamhnach - Crois Mhaoilíona
456	Gaillimh - Conga - Baile an Róba - Cathair na Mart - Caisleán an Bharraigh - Béal an Átha
457	An Caisleán Riabhach - Baile an Tobair - Ros Comáin
458	Sligeach - Inis Crabhann - Béal an Átha
460	Sligeach - An Caisleán Riabhach
461	Ros Comáin - Baile Átha Luain
462	Sligeach - Béal an Átha Móir - Carraig Álainn
463	Carraig Álainn - An Longfort
464	Carraig Álainn - Inis Ceithleann
465	Carraig Álainn - Béal Átha Conaill - An Cabhán
466	Baile Átha Luain - Baile Uí Mhatháin - An Longfort
467	An Longfort - Béal Átha Liag - Ros Comáin
468	Béal na mBuillí - Ail Finn - Cora Droma Rúisc
469	Sligeach - Droim Caorthainn - Droim Seanbhó - Cora Droma Rúisc - Maothail - An Longfort
470	Sligeach - Cluainín - Gleann Fearna - Droim Dhá Thiar
471	Sligeach - Baile an Mhóta - Baile idir Dhá Abhainn
472	Sligeach - An Leathros
473	Sligeach - An Ros
474	Sligeach - Machaire Eabha
475	Sligeach - Baile Easa Dara - Cúil Mhuine - Cúil Áine
476	Tobar an Choire - Cill Fhábhail - Bun an Fheadáin - Baile an Mhóta
479	Áth an Chláir - Tuar Loistreáin - Cúil Áine - Sligeach
480	Sligeach - Bun Dobhráin - Béal Átha Seanaidh - Dún na nGall - Bealach Féich - Leitir Ceanainn/Doire
483	Béal Átha Seanaidh - Cionn Locha - Béal Átha an Trí Liag - Sligeach
485	Béal Átha Seanaidh - Bun Dobhráin
486	Béal Átha Seanaidh - Inis Ceithleann - Loch Dearg
487	An Srath Bán - Ráth Bhoth - Leitir Ceanainn
489	Leitir Ceanainn - Na Carraigíní - Baile Suingean - An Srath Bán
490	Dún na nGall - Na Cealla Beaga - Gleann Cholm Cille
491	Leitir Ceanainn - Bealach Féich
492	Dún na nGall - Na Gleannta - An Clochán Liath
494	An Srath Bán - Leifear - Bealach Féich
495	Béal Átha Seanaidh - Bun Dobhráin - Cionn Locha - Cluainín

Aguisín 2: Seirbhísí ata faoi chaibidil lena mbaint den Chonradh in 2021

Tábla A2: Seirbhísí bus⁴ atá faoi chaibidil lena mbaint le haghaidh tairisceana iomaíoch. Roghnófar sciar 10% d'oibríocht PSO iomlán Bhus Éireann ó na roghanna thíos, agus cuirfear na seirbhísí sin ar fáil faoi chonradh eile ar leith faoi 2021.

Seirbhísí Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	101	Baile Átha Cliath - Aerfort Bhaile Átha Cliath - Baile Brigín - Droichead Átha
	101X	Ardán Wilton - Droichead Átha - Termon Abbey
	132	Baile Átha Cliath - Bealach Conglais - An Tulach - Balana - Cill Damháin - Bun Clóidí
	133	Aerfort Bhaile Átha Cliath - An Lár - Áth na Fuinseoige - Cill Mhantáin - Guaire

Seirbhísí Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	103	Baile Átha Cliath - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Páirc Tayto
	103X	Baile Átha Cliath - Cúil Chaoith - Ráth Tó - Tigh na Sióg
	105	Droichead Átha - Cill Dhéagláin - Ráth Tó - Baile Bhainséir
	105X	Baile Átha Cliath - Tigh na Sióg - Ráth Tó - Cill Dhéagláin

⁴ Arna gcur ar fáil ag Bus Éireann faoi láthair de réir chonradh 2014 - 2019 leis an Údarás Náisiúnta Iompair, a fhanfaidh laistigh de chonradh dírdhámhachtana Bhus Éireann ar feadh thréimhse dhá bhliain ar a mhéad.





